



Ciorclán 0056//2019

**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin - TULSA An Ghníomhaireacht um Leanáí agus an Teaghlach
Scéim Deontais um Theagasc Baile - Dhá Shnáithe**

- 1. Leanáí gan áit scoile (NSP) - Níl foirmeacha iarratais ar fáil ach amháin ón tSerbhís Leasea Oideachais (EWS) Foirm Iarratais HTSNPS agus**
- 2. Leanáí faoi Chúram gan áit scoile - (CIC) - Scéim Deontais um Theagasc Baile Gearr-Théarmach - Níl Foirm Iarratais HT9CIC ar fáil ach amháin ó Oibrí Sóisialta**

1. Réamhrá

Tá faisnéis sa chiorclán seo maidir le dhá shnáithe na Scéime Deontais um Theagasc Baile do leanáí, seachas iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, nach bhfuil áit scoile acu, nach bhfuil tairiscint áit scoile faighte acu agus a bhfuil áit scoile á lorg go gníomhach dóibh. Cuireann An tAonad um Thuismitheoirí agus Fhoghlaimoirí den Roinn Oideachais agus Scileanna an dá shnáithe den Teagasc Baile i bhfeidhm. (Tá faisnéis i gCiorclán 0043/2019 maidir leis an ngné den Scéim um Theagasc Baile a bhaineann le hoideachas speisialta - https://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/cl0043_2019.pdf).

Ba cheart d'iarratasóirí an ciorclán seo a léamh go cúramach sula gcomhlánaíonn siad an Fhoirm Iarratais. Sa chás go bhfuil leanbh¹ go sealadach gan áit scoile; gan tairiscint ar áit scoile agus go bhfuil sé ag lorg socrúcháin scoile go gníomhach i scoil aitheanta, féadfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna deontas a cheadú chun teagascóir cáilithe a fhostú le suas go 9 uair an chloig teagasc baile in aghaidh na seachtaine a sholáthar don leanbh sin. Féadfaidh líon na n-uaireanta teagaisc in aghaidh na seachtaine bheith faoi réir athbhreithnithe na Roinne Oideachais agus Scileanna ó am go ham.

Tá faisnéis sa Chiorclán faoi:

- Cuspóir na scéime agus na critéir incháilitheachta faoi théarmaí na scéime
- Próiseas an Iarratais
- Critéir maidir le soláthar Cúnaimh Deontais
- Cosaint Leanáí agus ceisteanna leasa
- Eolas Ginearálta
- Nósanna Imeachta Íocaíochta
- Fiosruithe agus achomhairc

¹Sachiorclán seo ciallaíonn “leanbh” duine a chónaíonn sa Stát a bhfuil 6 bliana d'aois slánaithe aige nó aici agus (a) nach bhfuil 16 bliana d'aois slánaithe acu, nó (b) nach bhfuil 3 bliana iar-bhunoideachais comhlánaithe acu, cibé acu is déanaí, ach ní fholáíonn sé duine a bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige nó aici. (Alt 2 den Acht Oideachais (Leas) 2000)

Achoimre ar Phríomh-phointí an Chiorcláin:

Leagann Alt 2 amach cuspóir na Scéimeanna Deontais um Theagasc Baile sin agus na critéir incháilitheachta faoi théarmaí na scéimeanna. I measc na bpríomhphointí is gá a chur san áireamh tá:

- Is é cuspóir na Scéime um Theagasc Baile dóibh siúd Gan Áit Scoile (NSP) = Foirm Iarratais HTS NSP soláthar eatramhach a chur ar fáil do leanaí nach bhfuil áit scoile acu, gan tairiscint áit scoile agus a bhfuil áit scoile á lorg go gníomhach dóibh. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach rogha mhalartach í an teagasc baile ar áit a fháil i scoil aitheanta. 9 uair an chloig in aghaidh na seachtaine an líon uasta uaireanta do sholáthar teagaisc faoin scéim seo. Is le haghaidh idirghabháil teagaisc oideachasúla amháin atá Teagasc Baile.
- Is é cuspóir na Scéime Deontais um Theagasc Baile (Leanaí Faoi Chúram) - Foirm Iarratais HT9CIC ná teagasc a sholáthar ar feadh 6 seachtaine ar a mhéad do Leanaí faoi Chúram nach bhfuil áit scoile acu mar gheall ar shocrúchán éigeandála nó cur isteach ar shocrúchán. 9 uair an chloig in aghaidh na seachtaine an líon uasta uaireanta do sholáthar teagaisc faoin scéim seo. Is le haghaidh idirghabháil teagaisc oideachasúla amháin atá Teagasc Baile.

Leagtar amach in Alt 3 an nós imeachta maidir le hiarratais.

Don Scéim Deontais um Theagasc Baile do Leanaí Gan Áit Scoile (NSP).

- Ba cheart don tuismitheoir/caomhnóir dlíthiúil Cuid 1 den fhoirm a chomhlánú.
- Ba cheart don Oifigeach Leasa Oideachais Cuid 2 den fhoirm a chomhlánú.
- Ba cheart don teagascóir/do na teagascóirí molta Cuid 3 den fhoirm a chomhlánú.

Don Scéim um Theagasc Baile do Leanaí Faoi Chúram (CIC):

- Ba cheart don Oibrí Sóisialta ábhartha Cuid 1 den fhoirm a chomhlánú.
- Ba cheart don tuismitheoir Cuid 2 a chomhlánú - **NÍ GÁ É SEO ACH AMHÁIN MÁ TÁ AN LEANBH FAOI CHÚRAM DEONACH.**
- Ba cheart don teagascóir/do na teagascóirí molta Cuid 3 den fhoirm a chomhlánú.

I gCuid 4 leagtar amach na critéir maidir le soláthar cúnamh Deontais faoin scéim, lena n-áirítear riachtanais incháilitheachta, chláráithe agus grinnfhiosrúcháin soláthraithe teagaisc.

- Is fearr teagascóir a bheith cáilithe san earnáil oideachais ábhartha e.g. múinteoir bunscoile do dhalta bunscoile. Ní mór do gach teagascóir a bheith cláráithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta thar thréimhse an teagaisc fhormheasta, suas go dtí eisiúint na hÍocaíochta deiridh, agus an íocaíocht sin san aireamh. Mar sin féin, i gcás nach féidir le hiarrthóir múinteoir láncháilithe a aimsiú féadfaidh an Roinn cead a thabhairt chun duine a earcú atá cláráithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus a bhfuil bunchéim (Leibhéal 7 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí) aige nó aici i réimse atá ábhartha.
- Ní mór do Chomhairle Mhúinteoireachta na hÉireann grinnfhiosrúchán Garda a dhéanamh ar gach teagascóir trína córas sábháilte TF ar líne, ar a dtugtar Digitary, sula gcuirfear tús le soláthar an teagaisc.
- Ní mór do na teagascóirí uile foirm Ghealltanais agus Dearbhú Reachtúil a chur isteach. Ba cheart don iarrthóir agus don teagascóir araon an Fhoirm Ghealltanais a shíniú.
- Níl cead ag Tuismitheoirí/Caomhnóirí feidhmiú mar teagascóirí dá leanaí féin faoin Scéim.

Tá eolas faoi cheisteanna maidir le cosaint leanaí agus ceisteanna leasa le fáil i gCuid 5.

Tá eolas ginearálta maidir leis an scéim le fáil i gCuid 6.

Ba cheart d'iarrthóirí na nithe seo a leanas a thabhairt faoi deara:

- Déanfar an t-eolas a thabharfar a chomhroinnt idir Ranna/Ghníomhhaireachtaí Rialtais éagsúla.
- 9 uair an chloig in aghaidh na seachtaine an líon uasta uaireanta, ní féidir uaireanta nár úsáideadh i seachtain amháin a aistriú go seachtain eile.
- **Don Scéim Deontais um Theagasc Baile NSP (Leanaí Gan Áit Scoile) na Roinne - Foirm Iarratais HT8NSP.** Deonaítear teagasc ó dháta an cheadaithe ar feadh tréimhse 12 sheachtaine nó go dtí deireadh na scoilbhliana nó go dtí go bhfaighidh an leanbh atá i gceist tairiscint áit scoile, cibé acu is túisce a tharlóidh.
- **Don Scéim Deontais um Theagasc Baile CIC (Leanaí Faoi Chúram) na Roinne - Foirm Iarratais HT9CIC.** Deonaítear teagasc ó dháta an cheadaithe ar feadh tréimhse sé seachtaine ar a mhéad, nó go dtí go bhfaighidh an leanbh atá i gceist tairiscint áit scoile, cibé acu is túisce a tharlóidh.
- Ní cheadaítear aon Teagasc a dhéanamh ag an deireadh seachtaine, ar laethanta saoire poiblí ná ar laethanta saoire bainc ná lasmuigh de théarma na scoile.

Tá eolas maidir le híocaíocht an Deontais um Theagasc Baile ar fáil i gCuid 7.

- Ba cheart a thabhairt faoi deara nach ndéanfar cistiú um theagasc baile a shiardhátú i gcás ar bith.
- Feidhmíonn an Roinn seomar ghníomhaire párolla ar son an tuismitheora/chaomhnóra dlíthiúla amháin.
- In gcás ina bhfuil leanbh faoi chúram TUSLA, déantar íocaíochtaí i leith teagasc baile le Tusla.

Tá sonraí teagmhála le fáil i gCuid 8 maidir le fiosruithe agus achomhairc faoin scéim.

Ráiteas Príobháideachais:

Cuireann an Roinn Oideachais agus Scileanna, a mhéid is indéanta agus ag féachaint do na hacmhainní atá ar fáil, oideachas agus oiliúnt ar fáil do dhaoine a bhfuil cónaí orthu sa Stát ar leibhéal atá oiriúnach chun freastal atá riachtanais agus ar chumas na ndaoine sin. Is é an **príomhchuspóir** atá ag an Roinn nuair a éilíonn sí na sonraí pearsanta a chuireann tú ar fáil ná chun incháilítheacht i leith na Scéime Deontais um Theagasc Baile a chinneadh. Féadfaidh na sonraí pearsanta a chuireann tú ar fáil a chomhroinnt le TULSA (an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach), an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCOS), an Roinn Oideachais agus Scileanna agus na Coimisinéirí Ioncaim chun cinneadh a dhéanamh faoi incháilítheacht i leith na Scéime Deontais um Theagasc Baile, chun íocaíochtaí a phróiseáil, chun a chinntiú nach ndéantar aon mhaoiniú a dhúbailt agus chun críocha staitistiúla. Is féidir an Fógra Príobháideachais a leagann amach tuilleadh eolais maidir leis an Scéim seo a fháil ag <https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/gdpr/parents-children/ath-2-06-2-07-10-6-privacy-notice-for-the-home-tuition-scheme.pdf>.

Tá sonraí iomlána faoi Pholasáí um Chosaint Sonraí na Roinne a leagann amach conas a úsáidfimid do chuid sonraí pearsanta chomh maith le faisnéis maidir le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil arna iarraidh ag <https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/gdpr/gdpr.html>. Tá sonraí faoin bpolasáí agus faoin bhfógra príobháideachais seo ar fáil freisin i gcóip chrua arna iarraidh ón seoladh atá luaite ar leathanach 10 den fhoirm seo:

2. Cuspóir na scéime agus na critéir incháilitheachta faoi théarmaí na scéime seo

Tá sé de fhreagracht ar an tuismitheoir/caomhnóir dlíthiúil socrúchán scoile a lorg dá leanbh. Sa chás ina mbíonn deacracht ag tuismitheoir/caomhnóir dlíthiúil áit scoile a fháil dá leanbh ba chóir dóibh dul i dteagmháil leis an Oifigeach Leasa Oideachais atá ina oifigeach áitiúil den Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach Is í an Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach an ghníomhaireacht reachtúil atá freagrach as tacaíocht a thabhairt do thinreamh scoile agus as reachtaíocht tinrimh scoile a chur i bhfeidhm. Cuireann siad seirbhís tacaíochta ar fáil do thuismitheoirí/chaomhnóirí lena chinntiú go bhféadfaidh gach leanbh freastal ar scoil go rialta. Is féidir rochtain a fháil ar sonraí maidir le hOifig Leasa Oideachais ag <https://www.tusla.ie/get-in-touch/education-and-welfare/>

Chun go ndéanfaidh an Roinn iarratas ar dheontas teagaisc baile a bhreithniú, ní mór don Oifigeach Leasa Oideachais (EWO) áitiúil a dhearbhu ar dtús go gcomhlíonann imthosca an linbh critéir na scéime.

Ní bhaineann an Sceim Deontais um Theagasc Baile CIC (Leanaí Faoi Chúram) ach amháin le **Leanaí Faoi Chúram nach bhfuil áit scoile acu mar gheall ar shocrúchán éigeandála nó cur isteach ar shocrúchán**. Níl foirmeacha iarratais ar fáil ach amháin ó Oibríthe Sóilsialta TUSLA. 6 seachtaine an líon uasta Theagaisc Baile atá ar fáil faoin scéim seo in aon bhliain scoile. Más rud é, tar éis 6 seachtaine go bhfuil an leanbh fós gan áit scoile, is féidir iarratas a dhéanamh ar Scéim Deontais Teagaisc Baile NSP na Roinne - Is féidir Foirm Iarratais HT8NSP a chur isteach ansin. Tá foirmeacha iarratais ar fáil ó d'Oifigeach Leasa Oideachais áitiúil.

3. An Próiseas Iarratais

Don Scéim Deontais um Theagasc Baile NSP (Leanaí Gan Áit Scoile) na Roinne:

Foirm Iarratais **HT8NSP** - Is do leanaí nach bhfuil áit scoile acu, gan tairiscint áit scoile agus a bhfuil áit scoile á lorg go gníomhach dóibh an scéim seo.

Níl foirmeacha iarratais ar fáil ach amháin ó Oifigeach Leasa Oideachais na Gníomhaireachtaí Leanaí agus an Teaghlach. Tá sonraí teagmhála ar fáil ó TUSLA <https://www.tusla.ie/get-in-touch/education-and-welfare/>

Féadfaidh deontas teagaisc a cheadú le teagascóir cáilithe oiriúnach a fhostú le teagasc baile a sholáthar do 9 seachtaine ar a mhéad ar feadh tréimhse 12 sheachtaine nó go dtí deireadh na bliana scoile reatha nó

go dtí go bhfaighfidh an leanbh tairiscint áit scoile. Féadfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna an uasteorainn 9 uair an chloig a athbhreithniú ó am go ham.

Don Scéim Deontais um Theagasc Baile CIC (Leanaí Faoi Chúram):

Foirm Iarratais HT9CIC - Ní bhaineann an scéim seo ach amháin le Leanaí Faoi Chúram nach bhfuil áit scoile acu mar gheall ar shocrúchán éigeandála nó cur isteach ar shocrúchán. Féadfaidh deontas teagaisc a cheadú le teagascóir cáilithe oiriúnach a fhostú le teagasc baile a sholáthar do 9 seachtaine ar a mhéad ar feadh tréimhse 6 sheachtaine, ar a mhéad. Féadfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna an uasteorainn 9 uair an chloig a athbhreithniú ó am go ham.

4. Critéir maidir le soláthar Cúnaimh Deontais

Soláthraíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna deontas i leith Teagasc Baile a sholáthar. Fostaíonn tuismitheoirí teagascóirí go príobháideach ach bronntar an deontas faoi réir na nithe seo a leanas:

Cáilíochtaí soláthraithe teagaisc

Ó tharla go ndéantar an teagasc lasmuigh den gháth-struchtúr scoile, tá sé tábhachtach go bhfuil teagascóirí baile cáilithe clár oideachais a sholáthar. Dá réir sin, is fearr go n-earcódh tuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla **teagascóir atá cáilithe san earnáil ina bhfuil an teagasc á chur ar fáil e.e. cáilíocht mhúinteoireachta bunscoile do leanaí in aois bunscoile. Ní mór do gach teagascóir a bheith cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta thar thréimhse an teagaisc fholmheasta, suas go dtí eisiúint na híocaíochta deiridh, agus an íocaíocht sin san aireamh.**

Mar sin féin, i gcás nach féidir múinteoir láncháilithe a aimsiú féadfaidh an Roinn cead a thabhairt chun duine a earcú atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus a bhfuil bunchéim (Leibhéal 7 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí) aige nó aici i réimse atá ábhartha.

Is ceanglas de chuid na Scéime é go gcaithfidh teagascóirí fógra a thabhairt do Chomhairle Mhúinteoireachta na hÉireann lena gcuid sonraí a chur ar fáil ar an gComhéadan Pámháistir trí shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta, chun a dhearbhu go bhfuil clárú reatha ag múinteoirí. Is féidir an tsaoráid seo a aimsiú ag rannóg 'My Registration' de suíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta www.teachingcouncil.ie.

Le bheith incháilithe don ráta íocaíochta cáilithe, ní mór don teagascóir a bheith cláraithe agus aitheanta ag an gComhairle Mhúinteoireachta san earnáil ina bhfuil an teagasc á cur ar fáil **e.g. cáilíocht mhúinteoireachta bunscoile do leanaí in aois bunscoile.** Íocfar le teagascóirí atá cláraithe agus aitheanta ag an gComhairle Mhúinteoireachta ag leibhéal scoile nach bhfuil iomchuí d'earnáil an dalta ag an leibhéal athraithe. Íocfar le teagascóirí atá ar scor, atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus atá ag fáil íocaíochta pinsin seirbhíse poiblí ag an ráta athraithe - Féach Aguisín 1 le haghaidh tuilleadh sonraí agus rátaí pá reatha.

Feidhmíonn an Roinn mar ghníomhaire párolla ar son an tuismitheora/chaomhnóra dlíthiúla amháin. Déantar seo chun comhlíonadh le forálacha asbhainte reachtúla a éascú lena n-áirítear cánachas agus forálacha gaolmhara. Sa chás go bhfuil sé i gceist ag teagascóir Teagasc Baile a sholáthar níos mó ná 27 uair an chloig, in aon seachtain, faoi aon Scéim de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna, beidh gá le tuilleadh sonraí sceidealaithe sula mbreithneofar ceadú.

Níl cead ag Tuismitheoirí/Caomhnóirí feidhmiú mar teagascóirí dá leanaí féin faoin Scéim.

Níor cheart tús a chur le haon Teagasc Baile faoi Scéim NSP (Gan áit scoile) na Roinne go dtí go bhfaighidh an t-iarratasóir an litir cheadaithe ag deimhniú dáta tosaithe an teagaisc agus gur cheadaigh an Roinn go foirmiúil i scríbhinn cáilíochtaí agus aitheantas an teagascóra/na dteagascóirí ainmnithe.

Ní bheidh aon mhúinteoir atá fostaithe i scoil aitheanta agus atá ag baint tairbhe as aon cheann de na scéimeanna seo a leanas faoi láthair - saoire mháithreachais, saoire bhreiteachta, pinsean míchumais, scéimeanna luathscoir, scéimeanna postroinnte nó aon chead neamhláithreachta cheadaithe **incháilithe** Teagasc Baile a sheachadadh. Ba chóir d'aon mhúinteoir atá ar shos gairme nó ar phostroinnt tagairt a dhéanamh de Chiorclán 00/54/2019 https://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/cl0054_2019.pdf maidir le hincháilitheacht chun a bheith ag obair mar theagascóir.

Moltar do thuismitheoirí/chaomhnóirí dlíthiúla teagascóir a aimsiú chomh luath agus is féidir le go bhféadfaidh an teagascóir iarratais ar chlárúchán/Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a dhéanamh chuig Comhairle Mhúinteoireachta na hÉireann más gá. Níl aon ról, ag an Roinn maidir le teagascóirí a aimsiú nó a earcú. Ná ní choinníonn sí liosta teagascóirí atá ar fáil chun Teagasc Baile a sholáthar. D'fhéadfadh sé go mbeadh sé ina chuidiú ag tuismitheoirí dul i dteagmháil le scoileanna áitiúla ar an gcéad dul síos, nó mar mhalairt air sin, tá a fhios ag an Roinn go mbaineann a lán tuismitheoirí úsáid as suíomhanna gréasáin soláthraithe oideachais chun teagascóirí a fhógairt nó go deimhin fógraí a chur i nuachtáin áitiúla nó ar chláir fógraí siopa/pobail.

Riachtanais Ghrinnfhiosrúcháin do Teagascóirí

Ní mór grinnfhiosrúchán Garda a dhéanamh ar gach teagascóir sula gcuirfear tús le soláthar an teagaisc.

- Ní mór do thuismitheoirí/chaomhnóirí dlíthiúla iad féin a shásamh go bhfuil an próiseas grinnfhiosrúcháin Garda comhlánaithe ag a dteagascóir/a dteagascóirí roghnaithe trí phróiseas grinnfhiosrúcháin Garda ar líne na Comhairle Mhúinteoireachta.
- Ní mór grinnfhiosrúchán Garda a dhéanamh ar gach teagascóir faoi na socruithe grinnfhiosrúcháin atá i bhfeidhm ó cuireadh tús le hAchtanna an Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Leochaileacha) 2012, a bhí ar an 29 Aibreán 2016.

- Ní mór do thuismitheoirí/chaomhnóirí dlíthiúla nochtadh grinnfhiosrúcháin nua-eisithe a iarraidh sa chás ina bhfuil siad ag earcú an teagascóra den chéad uair.
- Sa chás gur earcaigh an tuismitheoir/caomhnóir dlíthiúil an teagascóir roimhe seo agus go ndearnadh grinnfhiosrú ar an teagascóir ón 29 Aibreán 2016, moltar do thuismitheoirí/chaomhnóirí dlíthiúla machnamh a dhéanamh an bhfuil gá le nochtadh grinnfhiosrúcháin nua-eisithe. Féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh agus an tuismitheoir/caomhnóir dlíthiúil ag déanamh cinneadh an bhfuil gá le nochtadh grinnfhiosrúcháin nua-eisithe;
 - An tréimhse ama ó fuarthas grinnfhiosrúchán roimhe seo.
 - Cé acu an bhfuil aon bhearnaí i stair fostaíochta/ghairme/oideachais an duine nár tugadh míniú sásúil orthu
 - Cé acu ar cuireadh teistiméireachtaí chuimsitheacha ar fáil maidir le fostaíochtaí roimhe seo.

Ní liosta iomlán an liosta thuas de na fachtóirí a d'fhéadfadh tuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla a chur san áireamh.

- Ba cheart do thuismitheoirí/chaomhnóirí dlíthiúla tabhairt faoi deara go bhféadann gach múinteoir iarratas a chur isteach ar ghrinnfhiosrúchán Garda trí shuíomh gréasáin Chomhairle Mhúinteoireachta na hÉireann. Tá an próiseas saor in aisce agus de ghnáth tógann sé 2-4 seachtaine.
- Is féidir le tuismitheoirí/chaomhnóirí dlíthiúla a dheimhniú go bhfuil grinnfhiosrúchán Garda déanta ar theagascóirí. Is féidir leo torthaí agus dáta an ghrinnfhiosrúcháin sin a fheiceáil trí chóras sábháilte TFC na Comhairle Mhúinteoireachta ar líne, ar a dtugtar Digitary. Tugtar Nochtadh grinnfhiosrúcháin air seo, ar féidir leis an teagascóir é a roinnt trí chóras sábháilte TFC na Comhairle Mhúinteoireachta ar líne, ar a dtugtar Digitary.
- Ba chóir go dtuigfeadh tuismitheoirí/chaomhnóirí dlíthiúla nach soláthraíonn grinnfhiosrúchán imréiteach do theagascóirí chun oibriú le leanaí, ach go díreach soláthraíonn sé sonraí faoi aon taifead coiriúil agus/nó faisnéis shonraithe maidir leis an teagascóir lena mbaineann nó, i gcás nach bhfuil aon taifead coiriúil nó faisnéis shonraithe ann, cuireann sé sin in iúl. Is faoin tuismitheoir/caomhnóir dlíthiúil atá i gceist an cinneadh deiridh a dhéanamh maidir le hoiriúnacht an duine, ó thaobh cosanta leanaí de, le hoibriú leis an leanbh nó leis na leanaí. Chuige sin, ba cheart do thuismitheoirí/chaomhnóirí dlíthiúla a thabhairt faoi deara nach bhfuil i gceist le toradh ghrinnfhiosrúcháin Garda ach fachtóir amháin le breithniú agus an cinneadh sin a dhéanamh. Is gné rí-thábhachtach iad seiceálacha chuimsitheacha de dhea-chleachtas cosanta leanaí agus tá an tuismitheoir/caomhnóir dlíthiúil freagrach astu. Ba chóir go n-áireofaí

orthu seo teistiméireachtaí a lorg agus a fhiosrú agus a chinntiú go dtugtar míniú sásúil ar aon bhearnaí gan mhíniú i dtaifid fostaíochta/curriculum vitae. Níor chóir do ghrinnfhiosrúchán teacht in áit na seiceálacha sin ach ní mór é a úsáid mar chuid de.

- Tabhair faoi deara go gcaithfidh Foirm an Dearbhaithe Reachtúil agus Foirm Ghealltanais (Aguisíní 1&2 den Fhoirm Iarratais faoi seach) a bheith le gach iarratas ar Theagasc Baile.
- Tá eolas iomlán do theagascóirí maidir leis an bpróiseas le cur isteach ar Ghrinnfhiosrúcháin ar fáil ag <http://www.teachingcouncil.ie/en/Vetting>.

5. Ceisteanna Cosanta agus Leasa Leanaí do thuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla.

Chuir an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015, a thosaigh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige go hiomlán ón Luan 11 Nollaig 2017, gnéithe de Tús Áite do Leanaí - Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí ar bhonn reachtúil.

Tá Áite do Leanaí: Rinne an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige nuashonrú ar an Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí chun achoimre a dhéanamh ar na hoibleagáidí reachtúla nua a bhaineann le daoine sainordaithe amhail múinteoirí cláraithe agus na hoibleagáidí reachtúla nua a bhaineann le heagraíochtaí (ar nós scoileanna) faoin Acht. Leagtar amach ann freisin oibleagáidí a bhaineann leis an gcleachtas is fearr (neamhreachtúil) a bhaineann le gach duine (múinteoirí sa áireamh) agus le gach earnáil den tsochaí. Feidhmíonn an tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015 taobh le taobh le Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus do Leas Leanaí 2017.

Tá eolas maidir le Cosaint Leanaí ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne ag:

<https://www.education.ie/en/Parents/Information/Child-Protection>

Tá thuismitheoirí freagrach as bheith ar an eolas faoi aon bhaol nó aon chontúirtí a d'fhéadfadh a bheith ann agus teagascóirí á bhfostú i socrú príobháideach. Tá thuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla freagrach as a chinntiú go bhfuil gach cosaint chuí agus cosaint agus leas leanaí riachtanach i bhfeidhm maidir leis an socrú teagaisc. (Féach freisin Cuid 4 thuas maidir le riachtanais ghrinnfhiosrúcháin). Tá thuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla freagrach as tabhairt faoi na seiceálacha ábhartha uile maidir le hoiriúnacht teagascóra ionchasach oibriú lena leanbh agus as iad féin a shásamh maidir le hoiriúnacht an duine sin chun tabhairt faoi theagasc a linbh.

Ba cheart do thuismitheoirí freisin iad féin a shásamh go bhfuil teagascóirí ar an eolas faoi aon riachtanais leighis agus iompair an linbh.

6. Eolas Ginearálta

- Beidh ar iarratasóirí Foirm Iarratais atá oiriúnach don scéim a bhfuil siad ag cur iarratas isteach uirthi a chomhlánú agus iarrtar orthu aird ar leith a thabhairt don cháipéisíocht/fhaisnéis atá de dhíth. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach mbeidh ceadú ar fáil ach amháin ar chomhlánú an phróisis iarratais ina iomláine a mbeidh eisiúint litir ceadaithe ag deimhniú an dáta a chuirfear tús leis mar dheireadh leis.
- Is d'idirghabháil theagaisc amháin an Deontas um Theagasc Baile. Coimeádann an Roinn an ceart an soláthar teagaisc a chuirtear ar fáil a mheas agus ceadáitear na huaireanta teagaisc uile faoi réir an choinnill sin.
- Déantar deontais um Theagasc Baile a cheadú le clár aonair oideachais a sholáthar. Mar sin de, tá ar theagascóirí teagasc ar bhonn 1:1 a sholáthar idir na huaireanta 9.00am agus 6.00pm (seachas laethanta saoire scoile agus bainc agus deirí seachtaine) mura gceadaíonn an Roinn a mhalairt. Ní féidir uaireanta nár úsáideadh i seachtain amháin a aistriú go seachtain eile. Sa chás go bhfuil níos mó ná duine amháin in aon teaghlach i dteideal teagaisc faoin scéim seo, is féidir go mbeidh leithdháileadh cónasetha i bhfeidhm. Níl cead ag Tuismitheoirí/Caomhnóirí feidhmiú mar teagascóirí dá leanaí féin faoin Scéim.
- Má tá iarratas á dhéanamh ar níos mó na teagascóir amháin ba chóir Cuid 3 faoi leith a bheith comhlánaithe ag gach teagascóir. Ní mór don iarratasóir líon na n-uaireanta an chloig a dhéanfaidh gach teagascóir a lua go soiléir. Déanfaidh an litir ceadaithe an líon iomlán uaireanta an chloig a dheimhniú do gach teagascóir. Ní cheadáitear aon Teagasc a dhéanamh ag an deireadh seachtaine, ar laethanta saoire poiblí ná ar laethanta saoire bainc ná laethanta saoire scoile.
- Ní mór do dhaltaí atá ag tabhairt faoi staidéar ar ábhair do Scrúduithe Sóisearacha agus na hArdteistiméireachta riachtanais Choimisiún na Scrúduithe Stáit a léamh go cúramach maidir le hobair chúrsa phraiticiúil. Is féidir na hábhair a bhfuil obair chúrsa phraiticiúil i gceist leo a aimsiú ag www.examinations.ie Mura gcomhlíontar riachtanais Choimisiún na Scrúduithe Stáit, d'fhéadfadh sé seo a bheith mar thoradh ar dhalta gan a bheith in ann na marcanna go léir atá ar fáil don ábhar a bhaint amach.

7. Nósanna Imeachta Íocaíochta

- Is trí shocrú príobháideach a fhostaíonn tuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla teagascóirí chun Teagasc Baile a sholáthar. Tá na híocaíochtaí a dhéantar le teagascóirí ar son an iarratasóra faoi réir asbhaintí reachtúla ag an bhfoinse. Feidhmíonn an Roinn mar ghníomhaire párolla thar

ceann na dtuismitheora/chaomhnóra dlíthiúla amháin. Éascóidh sé sin comhlíonadh na bhforálacha ó thaobh asbhaintí reachtúla lena n-áirítear dorálacha cánach agus forálacha gaolmhara.

- Tá na rátaí deontais um Theagasc Baile leagtha amach in **Aguisín A**. D'fhéadfadh na rátaí sin athrú.
- In gcás ina bhfuil leanbh faoi chúram TUSLA, déantar íocaíochtaí i leith teagasc baile le Tusla.
- Níor chóir do thuismitheoirí/chaomhnóirí dlíthiúla tús a chur le Teagasc Baile go dtí go bhfaigheann siad litir ceadaithe deontais ón Roinn ag deimhniú go gcomhlíonann siad téarmaí agus coinníollacha na scéime agus dáta tosaithe an chúnaimh deontais.
- Cuirtear in iúl do thuismitheoirí/chaomhnóirí dlíthiúla nach ndéanfar íocaíochtaí um theagasc baile a shiardhátú le tréimhse theagasc baile a tugadh faoi sula bhfuarthas an litir cheadaithe a dhíol.
- Caithfidh an tuismitheoir/caomhnóir dlíthiúil a rinne iarratas ar theagasc baile Foirm Éilimh Íocaíochta a chomhlánú. Ba cheart don tuismitheoir/chaomhnóir dlíthiúil agus don teagascóir araon an fhoirm eilimh chomhlánaithe a shíniú ag deireadh gach míosa inar cuireadh teagasc ar fáil. Tá an fhoirm éilimh íocaíochta ar fáil ag <http://www.education.ie/en/Parents/Services/Home-Tuition/Payments.html>. Féadfar an síniú a sholáthraíonn tuismitheoir/caomhnóir dlíthiúil a úsáid lena fhíorú.
- Má dhéanfar dearbhú bréagach chun críocha aon acmhainní a éileamh ón Roinn is féidir go gcuirfidh an Roinn na cásanna sin ar aghaidh chuig an nGarda Síochána agus, más cuí, go dtí an gComhairle Mhúinteoireachta.
- Ba cheart do thuismitheoirí/chaomhnóirí dlíthiúla deimhin a dhéanamh go dtuigeann siad go hiomlán an chaoi a n-eiseofar an deontaas faoin Scéim seo sula gcuirtear aon teagasc ar fáil.
- Moltar do thuismitheoirí/chaomhnóirí dlíthiúla nár cheart dóibh, in imthosctha ar bith, íocaíochta a dhéanamh le teagascóirí lr haghaidh teagaisc a chuireann siad ar fáil faoin Scéim seo.
- Ba cheart do thuismitheoirí/chaomhnóirí dlíthiúla agus do theagascóirí a thabhairt faoi deara, go gcuirtear sonraí airgeadais i dtaca leis an scéim seo ar aghaidh go dtí na Coimisinéirí Ioncaim gach bliain faoi reathaíocht reatha, toisc go bhfuil íocaíochtaí as teagasc baile inríofa ó thaobh canach de.

An tslí a n-íoctar an deontas

Tá nóta ar leith a bhfuil níos mó mionsonraithe faoi íocaíochtaí ann ar fáil do thuismitheoirí/chaomhnóirí dlíthiúla ar shuíomh gréasáin na Roinne ag <https://www.education.ie/en/Parents/Services/Home-Tuition/Payments.html>

Nithe eile a bhaineann le hÍocaíochtaí Teagaisc Bhaile

Ní mór uimhreacha PSP idir thuismitheoirí/chaomhnóirí dlíthiúla agus theagascóirí a sholáthar chun críche incháilitheacht don Scéim Deontais um Theagasc Baile a mheas. chun íocaíochtaí a phróiseáil agus lena chinntiú nach mbíonn aon dhúbláil íocaíochta ann. Is uimhir thagartha uathúil í d'Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP) a úsáidtear chun rochtain a fháil ar sheirbhísí poiblí nuair a bhítear ag plé le Gníomhaireachtaí Seirbhíse Poiblí, na Coimisinéirí Ioncaim san áireamh.

8. Fiosruithe agus Achomhairc

Is féidir fiosruithe agus achomhairc maidir leis an Scéim Deontais um Theagasc Baile a chur chuig:

Aonad Tuismitheoirí agus Foghlaimeoirí - An tAonad Teagasc Baile

An Roinn Oideachais agus Scileanna

An Muilean gCearr, Co. na hIarmhí

N91 H30Y

Uimhir Theagmhala: 0761 108 581 nó 0761 108 584

Ríomhphost: hometuitionapprovals@education.gov.ie

Is féidir achomhairc i ndáil le cinntí faoin Scéim Deontais Teagaisc Baile a chur isteach i scríbhinn chuig an seoladh thuas, ag lua an Uimh. Thagartha agus ag míniú cúiseanna an achomhairc mar aon le doiciméid nó tuarascálacha breise, de réir mar is cuí.

Is féidir fiosruithe maidir le hÍocaíochtaí Theagaisc Bhaile a chur chuig:

Deontais Riachtanais Speisialta agus Deontais Teagaisc

An Roinn Oideachais agus Scileanna

Cor na Madadh

Áth Luain, Co. na hIarmhí

N37 X659

Uimhir Theagmhála: 090 648 3883/3750/3754/3878/4273/3893/3852/3885

Seoladh Ríomhphoist: htpayments@education.gov.ie

Is féidir an Ciorclán seo agus an t-eolas ábhartha uile a íoslódáil ó shuíomh gréasáin na Roinne - www.education.ie faoi Tuismitheoirí/Seirbhísí.

Teresa McNeill

Príomhoifigeach

Aonad Tuismitheoirí agus Foghlaimeoirí

Méan Fómhair 2019

IARSCRÍBHINN 1

An Scéim Deontais um Theagasc Baile

Rátaí Deontais:

Tá dhá rátaí a bhaineann leis an Deontas um Theagasc Baile bunaithe ar cháilíochtaí na dteagascóirí a fhostaíonn na Tuismitheoirí - an ráta caighdeánach agus an ráta mionathraithe

D'fhéadfadh na rátaí deontais a athrú. Seo a leanas na rátaí infheidhme ar an 01/09/2019:

An Ráta Deontais Chaighdeánaigh um Theagasc Baile:

Do mhúinteoirí atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta nuair a bhíonn

Bunmhúinteoir Cáilithe
ag teagasc dalta bunscoile: € 38.33 in aghaidh gach uair a oibrítear.

Múinteoir Iar-bhunscoile Cáilithe
ag teagasc dalta iar-bhunscoile: € 46.04 in aghaidh gach uair a oibrítear.

An Ráta Deontais Mionathraithe um Theagasc Baile:

Múinteoirí nach bhfuil cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta mar mhúinteoirí cáilithe san earnáilina bhfuil an teagasc á sholáthar, gheobhaidh siad ráta mionathraithe íocaíochta. Múinteoirí atá cláraithe agus cáilithe agus a bhfuil pinsin seirbhíse poiblí á fháil acu, gheobhaidh siad an ráta mionathraithe íocaíochta.

Ráta mionathraithe: € 34.28 in aghaidh gach uair a oibrítear.

Tabhair faoi deara go bhféadfadh na rátaí seo a athrú i gcaitheamh na bliana, agus, dá réir sin, braithfidh an ráta iníoctha ar an ráta atá i bhfeidhm sa tréimhse ina ndéantar an t-éileamh ina leith.